

NUAIR A D'ATHRUIGH AN SIONNACH A BHEATHA.

61

Tháinig an sionnach in áit a raibh cluiche cearc agus bhí coileach i néinfeacht leob. Rug sé ar an gcoileach.

"Tá tú a'm", adeir sé, leis an gcoileach.

"Tá", adeir an coileach, "ach ní de mo dhiúin é. Agus tá súil a'm má tá fhéin", adeir an coileach, "nach n-íosfaidh tú mé go n-altuighidh tú mé".

"Ó míle bhuideachas le Dia", agus chroch sé a dhá chois tosuigh suas ag altú le Dia go raibh an coileach aige.

Chrath an coileach a dhá sgiathán agus chuaidh sé sa gcrann ba ghoire dhó.

"Muise mo mhallacht-sa go bráthach aríst, d'aon rud a altóchas a chuid, go n-ithidh sé i dtosach é".